



Coimisiún
na Meán

Rialacha Clárúcháin le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Meán Closamhairc Ar Éileamh

Dáta foilsithe:
13 Bealtaine 2024



Clár Ábhar

Réamhrá	2
1. Léirmhíniú	3
2. An tEolas atá le háireamh sa Chlár	4
3. An fhaisnéis atá le cur ar fáil ag soláthraithe seirbhísí meán	4
5. Athbhreithniú agus Ceartú ar an gClár arna dhéanamh ag an gCoimisiún	5
6. Iarrataí ar Thuilleadh Eolais ón gCoimisiún	6
7. Orduithe ón gCoimisiún i gcás nach gcomhlíontar alt 46B	6
8. Orduithe ón gCoimisiún i gcás nach gcomhlíontar alt 46C	7
9. Orduithe ón gCoimisiún i gcás nach gcomhlíontar alt 46D(2) nó alt 46E(4)	8
Sceideal 1	9
Foirm um Fhógra – Foirm 1	9
Foirm um Fhógra faoi Athruithe ar eolas sa Chlár – Foirm 2	12

Réamhrá

Coimisiún na Meán, a bhfuil cumhacht aige de bhun alt 46H(1) den Acht Craolacháin 2009 arna leasú, déanann sé na Rialacha seo a leanas ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh mar na *“Rialacha Clárúcháin le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Meán”*.

Má theastaíonn tuilleadh eolais nó soiléirithe uait maidir leis na Rialacha seo, téigh i dteagmháil le VODregistration@cnam.ie agus cuideoidh ball foirne leat.



1. Léirmhíniú

Sna Rialacha seo, mura n-éilítear a mhalairt de réir an chomhthéacs:

“Acht 2009”	ciallaíonn sé sin an tAcht Craolacháin, 2009, arna leasú.
“seirbhís craolacháin closamhairc”	ciallaíonn sé sin seirbhís meán closamhairc a chuirtear ar fáil le féachaint go comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach ar chláir chlosamhairc ar bhonn sceideal clár.
“seirbhís meán closamhairc”	ciallaíonn sé sin seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh, sa chás — (a) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe do, nó (b) go bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe do, chláir chlosamhairc a chur ar fáil, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt.
“seirbhís meán closamhairc ar éileamh”	ciallaíonn sé sin seirbhís meán closamhairc a sholáthraítear le go bhféachfar ar chláir ag an tráth a roghnaíonn an t-úsáideoir agus ar iarratas ón úsáideoir, ar bhonn catalóg clár arna roghnú ag soláthraí na seirbhíse.
“clár closamhairc”	ciallaíonn sé sin sraith íomhánna gluaiasteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb é an rud atá i gceist leis, i gcás seirbhís meán closamhairc, mír aonair, gan beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg clár.
“Coimisiún”	ciallaíonn sé sin Coimisiún na Meán.
“soláthraí seirbhísí meán”	ciallaíonn sé sin duine a chuireann seirbhís meán closamhairc ar fáil.



2. An tEolas atá le háireamh sa Chlár

- 2.1 Áireofar an t-eolas seo a leanas maidir le gach soláthraí seirbhísí meán atá faoi réir clárúcháin i gClár na Soláthraithe Seirbhísí Meán arna chur ar bun agus arna choinneáil ar bun ag an gCoimisiún chun críocha alt 46A d'Acht 2009 -
- (a) Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhísí meán.
 - (b) Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhísí meán mar a tugadh fógra don Choimisiún fúthu.
 - (c) Ainm nó ainmneacha gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna cur ar fáil ag an soláthraí seirbhísí meán.
 - (d) I ngach cás, cur síos ar chineál na seirbhíse agus cineál an ábhair arna chur ar fáil ag seirbhís an tsoláthraí seirbhísí meán.
 - (e) Ráiteas ar an mbonn ar a bhfuil an soláthraí seirbhísí meán faoi dhlínse an Stáit.

3. An fhaisnéis atá le cur ar fáil ag soláthraithe seirbhísí meán

- 3.1 Soláthraí seirbhísí meán atá faoi réir clárúcháin ag tús Chuid 3A d'Acht 2009, nó a thiocfaidh chun bheith faoi réir clárúcháin ina dhiaidh sin, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Choimisiún i gcomhréir le Rial 3.2 ina mbeidh na hábhair agus an fhaisnéis seo a leanas -
- (a) Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhísí meán.
 - (b) Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhísí meán.
 - (c) Ainm nó ainmneacha gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna cur ar fáil ag an soláthraí seirbhísí meán.
 - (d) I ngach cás, cur síos ar chineál na seirbhíse agus cineál an ábhair arna chur ar fáil ag an tseirbhís.
 - (e) Ráiteas ar an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhísí meán go bhfuil sé faoi dhlínse an Stáit.
 - (f) Cibé nithe breise nó eile a d'fhéadfadh an Coimisiún a leagan síos.
- 3.2 An fógra i scríbhinn a cheanglaítear ar gach soláthraí seirbhísí meán atá faoi réir clárúcháin a chur ar fáil don Choimisiún, cuirfear ar fáil ar an bhFoirm um Fhógra arna leagan síos ag Sceideal 1 é. Le ceanglais an fhógra a shonraítear i Rial 3.1 agus an Fhoirm um Fhógra arna leagan síos, ní chuirtear cosc ar sholáthraí seirbhísí meán eolas breise a chur ar fáil i gcás ina meastar an t-eolas breise sin a bheith ábhartha maidir le clárú féideartha an tsoláthraí seirbhísí meán. Tá leagan MS Word den fhoirm um Fhógra ag Sceideal 1 a ghabhann leis na Rialacha seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin [anseo](#) freisin.



4. Fógra faoi Athruithe ar an Eolas sa Chlár

- 4.1 De bhun alt 46C d'Acht 2009, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí meán atá cláraithe sa Chlár fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon athrú ar na hábhair a leagtar síos le Riall 2.1 a áiríodh sa Chlár. Ceanglaítear fógra den sórt sin a thabhairt don Choimisiún tráth nach déanaí ná deich (10) lá oibre ón dáta ar tharla an t-athrú nó na hathruithe ábhartha.
- 4.2 Ceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann fógra faoi athruithe ar eolas sa Chlár a chur ar fáil don Choimisiún i scríbhinn ar an bhFoirm um Fhógra faoi Athruithe ar Eolas sa Chlár arna leagan síos ag Sceideal 1.
- 4.3 Ceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann an t-eolas sa Chlár ar tháinig athrú air a shainaithint go soiléir san Fhoirm um Fhógra faoi Athruithe ar Eolas sa Chlár arna leagan síos, ag Sceideal 1, agus mionsonraí iomlána a chur ar fáil maidir leis an eolas nua arb éard atá ann ná na hathruithe nach mór a dhéanamh ar an gClár nó a shainaithníonn na hathruithe céanna.

5. Athbhreithniú agus Ceartú ar an gClár arna dhéanamh ag an gCoimisiún

- 5.1 Tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann más rud é, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar iontráil an tsoláthraí sa Chlár, go dtagann an Coimisiún ar thuairim shealadach nach bhfuil an soláthraí seirbhísí meán faoi réir clárúcháin nó go bhfuil an t-eolas a áirítear sa Chlár mícheart. San fhógra sin faoi thorthaí an athbhreithnithe, sainaitheoidh an Coimisiún na hathruithe a bheartaíonn sé a dhéanamh ar an iontráil a bhaineann leis an soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann i gcás ina measfar go bhfuil an t-eolas a áirítear sa Chlár mícheart.
- 5.2 San fhógra arna chur ar fáil de bhun Riall 5.1, iarrfaidh an Coimisiún ar an soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann aon aighneacht nó uiríoll a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre maidir lena thuairim shealadach a cuireadh in iúl don tseirbhís meán de bhun Riall 5.1. Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse ama atá ag an soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann chun aighneachtaí nó uiríll a dhéanamh ar feadh cibé tréimhse bhreise a mheasann sé a bheith réasúnach sna himthosca, ag féachaint go cuí don tábhacht a bhaineann leis an eolas atá sa Chlár a bheith cruinn.
- 5.3 Ní cheanglófar ar an gCoimisiún fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann i gcomhréir le Riall 5.1 ná iarraidh ar an soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann aighneachtaí nó uiríll a dhéanamh chuig an gCoimisiún i gcomhréir le Riall 5.2 mura bhfuil sé indéanta déanamh amhlaidh. I gcás nach bhfuil sé indéanta don Choimisiún fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann i gcomhréir le Riall 5.1 ná iarraidh ar an soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann aighneachtaí nó uiríll a dhéanamh chuig an gCoimisiún i gcomhréir le Riall 5.2, ceanglaítear ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé aon leasú ar an gClár a ghasa agus is féidir.
- 5.4 Tar éis 10 lá oibre a bheith imithe thart ón dáta a iarrtar ar an soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann aighneachtaí nó uiríll a dhéanamh chuig an gCoimisiún nó tar éis aon síneadh ama arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun Riall 5.2 a bheith dulta in éag, ceanglaítear ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé aon leasú ar an gClár a ghasa agus is féidir.
- 5.5 I gcás ina gcinneann an Coimisiún aon leasú a dhéanamh ar an gClár i gcomhréir le halt 46E(2) d'Acht 2009, cuirfidh sé ráiteas i scríbhinn ar fáil don soláthraí seirbhísí meán lena mbaineann maidir lena chinneadh ina thaobh sin.



6. Iarrataí ar Thuilleadh Eolais ón gCoimisiún

- 6.1 Féadfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn a sheirbheáil chun tuilleadh eolais a iarraidh ar sholáthraí seirbhísí meán a bhfuil fógra tugtha don Choimisiún aige faoi na nithe seo a leanas:
- (a) tá an soláthraí seirbhísí meán faoi réir clárúcháin de bhun alt 46B d'Acht 2009, nó
 - (b) tháinig athrú ar na hábhair a bhaineann leis an soláthraí nó na seirbhísí a chuireann an soláthraí ar fáil a thaifeadtar sa Chlár de bhun alt 46C d'Acht 2009.
- 6.2 Fógra i scríbhinn ina n-iarrtar tuilleadh eolais ar sholáthraí seirbhísí meán maidir le fógra go bhfuil an soláthraí faoi réir clárúcháin de bhun alt 46B:
- (a) féadfar é a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí seirbhísí meán faoi réir clárúcháin agus/nó chun an iontráil iomchuí is gá a dhéanamh sa Chlár a chinneadh;
 - (b) sonrófar ann an tréimhse ama a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí meán an iarraidh a chomhlíonadh laistigh di;
 - (c) cuirfeadh in iúl don soláthraí seirbhísí meán ann, mura gcomhlíontar an iarraidh, go bhféadfaidh an Coimisiún ordú a eisiúint í a chomhlíonadh de bhun alt 46F.
- 6.3 Fógra i scríbhinn ina n-iarrtar tuilleadh eolais ar sholáthraí seirbhísí meán maidir le fógra gur tháinig athrú ar na hábhair a bhaineann leis an soláthraí nó na seirbhísí a chuireann an soláthraí ar fáil a thaifeadtar sa Chlár de bhun alt 46C:
- (a) sonrófar ann an tréimhse ama a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí meán an iarraidh a chomhlíonadh laistigh di;
 - (b) cuirfeadh in iúl don soláthraí seirbhísí meán ann, mura gcomhlíontar an iarraidh, go bhféadfaidh an Coimisiún ordú a eisiúint í a chomhlíonadh de bhun alt 46F.

7. Orduithe ón gCoimisiún i gcás nach gcomhlíontar alt 46B

- 7.1 Nuair is léir don Choimisiún go bhfuil soláthraí seirbhísí meán faoi réir clárúcháin agus nár chuir sé fógra ar fáil dó i gcomhréir le halt 46B(3), féadfaidh an Coimisiún ordú comhlíontachta a eisiúint don soláthraí seirbhísí meán sin.
- 7.2 Sula n-eisítear ordú i gcomhréir le Rial 7.1 anseo istigh, ceanglaítear ar an gCoimisiún fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí meán ábhartha gur léir nár chomhlíon sé alt 46B(3) agus deis a thabhairt don soláthraí sin uirill a dhéanamh chuig an gCoimisiún maidir leis an mainneachtain sin laistigh de thréimhse nach lú ná cúig (5) lá oibre.
- 7.3 Áireofar na nithe seo a leanas in ordú i scríbhinn ón gCoimisiún lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhísí meán fógra a thabhairt don Choimisiún de bhun alt 46B:
- (a) na cúiseanna leis an gcinneadh sealadach ón gCoimisiún go bhfuil an soláthraí seirbhísí meán faoi réir clárúcháin;
 - (b) na cúiseanna leis an gcinneadh sealadach ón gCoimisiún nár chomhlíon an soláthraí seirbhísí meán alt 46B(3);



- (c) an tréimhse ama a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí meán an t-ordú a chomhlíonadh laistigh di;
- (d) fógra go bhféadfaidh an soláthraí seirbhísí meán achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh an ordaithe ón gCoimisiún laistigh de 28 lá ón ordú a fháil;
- (e) fógra gur cion chatagóir 2 é gan ordú arna dhéanamh faoi alt 46F a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach.

8. Orduithe ón gCoimisiún i gcás nach gcomhlíontar alt 46C

- 8.1 Nuair is léir don Choimisiún nár thug soláthraí seirbhísí meán fógra don Choimisiún de bhun alt 46C faoi athrú nó athruithe ar an eolas a thairfeadtar sa Chlár i ndáil leis an soláthraí nó na seirbhísí arna gcur ar fáil ag an soláthraí tráth nach déanaí ná deich (10) lá oibre ón dáta ar tharla an t-athrú nó na hathruithe ábhartha, féadfaidh an Coimisiún ordú comhlíontachta a eisiúint don soláthraí seirbhísí meán sin.
- 8.2 Sula n-eisítear ordú i gcomhréir le Riail 8.1 anseo istigh, ceanglaítear ar an gCoimisiún fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí meán ábhartha gur léir nár chomhlíon sé alt 46C d'Acht 2009 agus deis a thabhairt don soláthraí sin uirill a dhéanamh chuig an gCoimisiún maidir leis an mainneachtain sin laistigh de thréimhse nach lú ná cúig (5) lá oibre.
- 8.3 Áireofar na nithe seo a leanas in ordú i scríbhinn ón gCoimisiún lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhísí meán fógra a thabhairt don Choimisiún de bhun alt 46C faoi athrú nó athruithe ar an eolas a thairfeadtar sa Chlár i ndáil leis an soláthraí nó na seirbhísí arna gcur ar fáil ag an soláthraí:
 - (a) na cúiseanna leis an gcinneadh sealadach ón gCoimisiún gur tháinig athrú nó athruithe ar an eolas a thairfeadtar sa Chlár i ndáil leis an soláthraí nó na seirbhísí arna gcur ar fáil ag an soláthraí;
 - (b) na cúiseanna leis an gcinneadh sealadach ón gCoimisiún nár chomhlíon an soláthraí seirbhísí meán alt 46C;
 - (c) an tréimhse ama a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí meán an t-ordú a chomhlíonadh laistigh di;
 - (d) fógra go bhféadfaidh an soláthraí seirbhísí meán achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh an ordaithe ón gCoimisiún laistigh de 28 lá ón ordú a fháil;
 - (e) fógra gur cion chatagóir 2 é gan ordú arna dhéanamh faoi alt 46F a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach.



9. Orduithe ón gCoimisiún i gcás nach gcomhlíontar alt 46D(2) nó alt 46E(4)

- 9.1 Nuair is léir don Choimisiún nár chuir soláthraí seirbhísí meán tuilleadh eolais ar fáil arna iarraidh sin don Choimisiún i gcomhréir le halt 46D(2) nó alt 46E(4), féadfaidh an Coimisiún ordú comhlíontachta a eisiúint don soláthraí seirbhísí meán sin.
- 9.2 Sula n-eisítear ordú i gcomhréir le Rial 9.1 anseo istigh, ceanglaítear ar an gCoimisiún fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí meán ábhartha gur léir nár chomhlíon sé alt 46D(2) nó alt 46E(4) agus deis a thabhairt don soláthraí sin uirill a dhéanamh chuig an gCoimisiún maidir leis an mainneachtain sin laistigh de thréimhse nach lú ná cúig (5) lá oibre.
- 9.3 Áireofar na nithe seo a leanas in ordú i scríbhinn ón gCoimisiún lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhísí meán iarraidh ar thuilleadh eolais arna déanamh ag an gCoimisiún de bhun alt 46D(2) nó alt 46E(4) a chomhlíonadh:
- (a) mionsonraí iomlána na hiarrata nó na n-iarrataí ar thuilleadh eolais nár chomhlíon an soláthraí seirbhísí meán;
 - (b) na cúiseanna leis an gcinneadh ón gCoimisiún nár chomhlíon an soláthraí seirbhísí meán alt 46D(2) ná alt 46E(4);
 - (c) an tréimhse ama a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí meán an t-ordú a chomhlíonadh laistigh di;
 - (d) fógra gur cion chatagóir 2 é gan ordú arna dhéanamh faoi alt 46F a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach.



Sceideal 1

Foirm um Fhógra – Foirm 1

1. Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhísí meán.

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

- 1.1. Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhísí meán ar leis an tseirbhís/na seirbhísí ar éileamh atá á (g)cur ar fáil. Sonraigh cibé acu is duine dlítheanach nó duine nádúrtha an tsoláthraí seirbhíse.
- 1.2. Más eintiteas dlíthiúil é an tsoláthraí seirbhísí meán, e.g. comhlacht corparáideach, comharchumann etc., cuir uimhir chlárúcháin/aitheantais na cuideachta nó doiciméadacht choibhéseach ar fáil.
- 1.3. Má tá seirbhís craolacháin nó seirbhís ar éileamh ag an tsoláthraí seirbhísí meán, nó má d'oibrigh sé a leithéid roimhe seo, cuir sonraí ar fáil maidir leis sin.

2. Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhísí meán.

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

- 2.1. Oifig Chláraithe/Seoladh Brainse an tsoláthraí seirbhísí meán.
- 2.2. Sonraí teagmhála lena féidir leis an **bpobal** dul i dteagmháil leis an tsoláthraí seirbhísí meán, lena n-áirítear i leith na seirbhíse atá á hoibriú/na seirbhísí atá á n-oibriú.
- 2.3. Sonraí teagmhála an duine a bheidh ag déileáil leis an gCoimisiún maidir leis an bpróiseas um **fhógra**.
- 2.4. Sonraí teagmhála an duine a bheidh ag déileáil le cúrsaí **comhlíontachta**, má chuirtear an tseirbhís san áireamh ar an gclár reachtúil tar éis fógra a thabhairt.
- 2.5. Ainmneacha agus seoltaí **stiúrthóirí** an tsoláthraí seirbhísí meán.

3. Ainm nó ainmneacha gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna cur ar fáil ag an tsoláthraí seirbhísí meán.

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

- 3.1. Ainm trádála na seirbhíse ar éileamh atá á hoibriú/na seirbhísí atá á n-oibriú, lena n-áirítear an t-ainm a úsáidtear chun gach seirbhís a chur chun cinn agus a bhrandáil don phobal, más difriúil.



4. I ngach cás, cur síos ar an gcineál seirbhíse agus ar an gcineál ábhair arna chur ar fáil ag an tseirbhís meán.

4.1 An cineál Seirbhíse/Seirbhísí

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

- 4.1.1 **Cur síos gairid ar an gcineál seirbhíse.** Áireofar leis sin cibé acu a sholáthraíonn an tseirbhís ábhar bunaidh, saoráid athdheise, seirbhísí cartlainne nó seirbhísí eile. I gcás ina soláthraíonn an tseirbhís meascán de na nithe thuas, tabharfar sonraí faoi gach cineál seirbhíse.
- 4.1.2 **Eolas ar an tsamhail mhaoinithe le haghaidh gach seirbhíse.** Ba cheart a thabhairt le fios ansin cibé acu a úsáideann an tseirbhís/na seirbhísí samhail idirbheartaíochta, síntiúis, seirbhís arna maoiniú ag fógróir nó samhail mhaoinithe eile.¹ I gcás inar córas saoramhairc atá i gceist leis an tseirbhís, tabharfar sonraí faoin tsamhail mhaoinithe e.g., tá an tseirbhís saor in aisce, ach maoinítear le fógróir í.²
- 4.1.3 **Eolas ar an sprioclucht féachana nó éisteachta don tseirbhís.** Ba cheart a áireamh ansin cibé acu is é pobal na hÉireann an sprioclucht féachana nó éisteachta nó pobal in áit éigin eile. Más áit eile, liostófar na dlínsí eile is sprioclucht féachana nó éisteachta, lena n-áirítear eolas ar cé acu is ann do phríomh-sprioclucht féachana nó éisteachta i ndlínse eile nó nach ann agus cé acu is ball den Aontas Eorpach í an dlínse nó nach ea.
- 4.1.4 **Eolas ar na bealaí éagsúla ar féidir leis an bpobal rochtain a fháil ar an tseirbhís ar éileamh.** Ba cheart a áireamh ansin aon eolas ar rochtain trí bhíthin aipeanna, ar líne, boscaí bairr (lena n-áirítear na cinn siúd faoi rialú díreach an tsoláthraí seirbhísí meán) nó ar bhealaí eile.

4.2 An Cineál Ábhair

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

- 4.2.1 **Cur síos gairid ar an gcineál ábhair.** Ba cheart a áireamh ansin seánra an chláir/na gclár atáthar a chur ar fáil, an aoisghrúpa/na haoisghrúpaí ar a bhfuil an t-ábhar dírithe, agus eolas eile a mheasann an soláthraí seirbhísí meán a bheith ábhartha.
- 4.2.2 **Eolas ar an gcaoi a gcinnteoidh an tseirbhís nach ndéanfaidh an t-ábhar dochar d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí (iad siúd atá faoi bhun 18 mbliana d'aois).** Ba cheart a áireamh ansin eolas ar úsáid uirlisí amhail uimhreacha PIN, córais rangaithe agus córais eile is iomchuí chun leanaí a chosaint, ag féachaint do chineál na seirbhíse agus don ábhar arna chur ar fáil. Cuir sonraí sonracha ar fáil faoin gcaoi a gcuirtear aon uirlis i bhfeidhm go hoibríochtúil.
- 4.2.3 **Eolas ar an gcaoi a gcinnteoidh an tseirbhís go mbeidh an t-ábhar inrochtana.** Ba cheart a áireamh ansin sonraí faoi na bearta a dhéanfaidh an soláthraí seirbhísí meán lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, fotheidealú, teidealú, teanga chomharthaíochta (Teanga Chomharthaíochta na hÉireann i gcás seirbhísí atá dírithe ar

¹ Maoiniú poiblí san áireamh.

² Áirítear le seirbhís saoramhairc seirbhís arna maoiniú ag táille ceadúnais teilifíse nó córas comhchosúil.

lucht féachana nó éisteachta in Éirinn), agus tráchttaireacht fuaime a chur ar fáil, a mhéid a bhaineann le cláir arna gcur ar fáil ina chatalóga/i, ar mhaithe le tuiscint ar na cláir sin agus an taitneamh a bhaintear astu a chur chun cinn le haghaidh (a) daoine atá bodhar nó a bhfuil lagú éisteachta acu, (b) daoine atá dall nó breacamharcach, agus daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu agus atá breacamharcach.

5. Ráiteas ar an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhísí meán go bhfuil sé faoi dhlínse an Stáit.

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

5.1 Agus tagairt shonrach á déanamh agat d'fhorálacha Acht 2009, tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil an soláthraí seirbhísí meán faoi dhlínse an Stáit

6. Ráiteas ar an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhísí meán go bhfuil sé in a soláthraí seirbhísí meán ábhartha.

Freagair na ceisteanna seo a leanas -

6.1 An bhfoilsíonn an duine nó duine gaolmhar³ nuachtán nó tréimhseachán arb é atá iontu go substaintiúil nuacht agus tráchttaireacht ar chúrsaí reatha?

6.2 An craoltóir é an duine nó duine gaolmhar?

6.3 An gcuireann an duine nó duine gaolmhar bunábhar clár ar fáil arb é atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchttaireacht ar chúrsaí reatha do chraoltóir?

6.4 An gcuireann an duine nó duine gaolmhar aon ábhar scríofa, fuaime, closamhairc nó grianghrafadóireachta ar fáil ar líonra cumarsáide leictreonaí, arb é atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchttaireacht ar chúrsaí reatha, atá faoina rialú eagarthóireachta.

6.5 An bhfuil a dhíolacháin bhliantúla a dhíorthaítear ó ghníomhaíochtaí (ceann acu nó níos mó ná ceann amháin) thuasluaite níos airde ná €2 mhilliún.

³ Is duine gaolmhar é má tá an duine mar chuid den ghrúpa céanna cuideachtaí (de réir na brí a thugtar don téarma sin le section 8, Companies Act 2014).



Foirm um Fhógra faoi Athruithe ar eolas sa Chlár – Foirm 2

1. Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhísí meán.

Sainaithin aon athrú a rinneadh ar an eolas seo a leanas [Mura ndearnadh aon athrú, luaigh “Ní Bhaineann le hÁbhar” agus lean ar aghaidh go cuid 2 thíos] –

- 1.1. Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhísí meán ar leis an tseirbhís/na seirbhísí ar éileamh atá á (g)cur ar fáil. Sonraigh aon athrú ar ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhísí meán.
- 1.2. Más eintiteas dlíthiúil é ainm nua an tsoláthraí seirbhísí meán, e.g. comhlacht corparáideach, comharchumann etc., cuir uimhir chlárúcháin/aitheantais na cuideachta nó doiciméadacht choibhéseach ar fáil.
- 1.3. Má tá seirbhís craolacháin nó seirbhís ar éileamh ag ainm nua an tsoláthraí seirbhísí meán, nó má d’oibrigh sé a leithéid roimhe seo, cuir sonraí ar fáil maidir leis sin.

2. Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhísí meán.

Sainaithin aon athrú ar an eolas seo a leanas [Mura ndearnadh aon athrú, luaigh “Ní Bhaineann le hÁbhar” agus lean ar aghaidh go cuid 3 thíos]

- 2.1. Oifig Chláraithe/Seoladh Brainse aon soláthraí seirbhísí meán nua.
- 2.2. Aon sonraí teagmhála nua lenar féidir leis an **bpobal** dul i dteagmháil leis an soláthraí seirbhísí meán, lena n-áirítear i leith na seirbhíse atá á hoibriú/na seirbhísí atá á n-oibriú.
- 2.3. Aon sonraí teagmhála nua don duine a bheidh ag déileáil leis an gCoimisiún maidir leis an bpróiseas um **fhógra**.
- 2.4. Aon sonraí teagmhála nua don duine a bheidh ag déileáil le cúrsaí **comhlíontachta**, má chuirtear an tseirbhís san áireamh ar an gclár reachtúil tar éis fógra a thabhairt.
- 2.5. Aon athrú ar ainmneacha agus seoltaí **stiúrthóirí** an tsoláthraí seirbhísí meán.

3. Ainm nó ainmneacha gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna cur ar fáil ag an soláthraí seirbhísí meán.

Sainaithin aon athrú a rinneadh ar an eolas seo a leanas [Mura ndearnadh aon athrú, luaigh “Ní Bhaineann le hÁbhar” agus lean ar aghaidh go cuid 4 thíos]

- 3.1. Ainm trádála na seirbhíse ar éileamh atá á hoibriú/na seirbhísí atá á n-oibriú, lena n-áirítear an t-ainm a úsáidtear chun gach seirbhís a chur chun cinn agus a bhrandáil don phobal, más difriúil.

4. I ngach cás, cur síos ar an gcineál seirbhíse agus ar an gcineál ábhair arna chur ar fáil ag an tseirbhís meán.

4.1 An cineál Seirbhíse/Seirbhísí

Sainaithin aon athrú a rinneadh ar an eolas seo a leanas [Mura ndearnadh aon athrú, luaigh “*Ní Bhaineann le hÁbhar*” agus lean ar aghaidh go cuid 4.2 thíos] -

- 4.1.1 **Cur síos gairid ar aon athrú ar an gcineál seirbhíse.** Áireofar leis sin cibé acu a sholáthraíonn an tseirbhís ábhar bunaidh, saoráid athdheise, seirbhísí cartlainne nó seirbhísí eile. I gcás ina soláthraíonn an tseirbhís meascán de na nithe thuas, tabharfar sonraí faoi gach cineál seirbhíse.
- 4.1.2 **Eolas ar aon athrú ar an tsamhail mhaoinithe le haghaidh gach seirbhíse.** Ba cheart a thabhairt le fios ansin cibé acu a úsáideann an tseirbhís/na seirbhísí samhail idirbheartaíochta, síntiúis, seirbhís arna maoiniú ag fógróir nó samhail mhaoinithe eile.⁴ I gcás inar córas saoramhaire atá i gceist leis an tseirbhís, tabharfar sonraí faoin tsamhail mhaoinithe e.g., tá an tseirbhís saor in aisce d’úsáideoirí, ach maoinítear le fógróir í.⁵
- 4.1.3 **Eolas ar aon athrú ar an sprioclucht féachana nó éisteachta don tseirbhís.** Ba cheart a áireamh ansin cibé acu is é pobal na hÉireann an sprioclucht féachana nó éisteachta nó pobal in áit éigin eile. Más áit eile, liostófar na dlínsí eile is sprioclucht féachana nó éisteachta, lena n-áirítear eolas ar cé acu is ann do phríomh-sprioclucht féachana nó éisteachta i ndlínse eile nó nach ann agus cé acu is ball den Aontas Eorpach í an dlínse nó nach ea.
- 4.1.4 **Eolas ar aon athrú ar na bealaí éagsúla ar féidir leis an bpobal rochtain a fháil ar an tseirbhís ar éileamh.** Ba cheart a áireamh ansin aon eolas ar rochtain trí bhíthin aipeanna, ar líne, boscaí bairr (lena n-áirítear na cinn siúd faoi rialú díreach an tsoláthraí seirbhísí meán) nó ar bhealaí eile.

4.2 An Cineál Ábhair

Sainaithin aon athrú a rinneadh ar an eolas seo a leanas [Mura ndearnadh aon athrú, luaigh “*Ní Bhaineann le hÁbhar*” agus lean ar aghaidh go cuid 5 thíos] –

- 4.2.1 **Cur síos gairid ar chineál aon athraithe ar an ábhar.** Ba cheart a áireamh ansin seánra an chláir/na gclár atáthar a chur ar fáil, an aoisghrúpa/na haoisghrúpaí ar a bhfuil an t-ábhar dírithe, agus eolas eile a mheasann an soláthraí seirbhísí meán a bheith ábhartha.
- 4.2.2 **Eolas ar aon athrú ar an gcaoi a gcinnteoidh an tseirbhís nach ndéanfaidh an t-ábhar dochar d’fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí (iad siúd atá faoi bhun 18 mbliana d’aois).** Ba cheart a áireamh ansin eolas ar úsáid uirlisí amhail uimhreacha PIN, córais rangaithe agus córais eile is iomchuí chun leanaí a chosaint, ag féachaint do chineál na seirbhíse agus don ábhar arna chur ar fáil. Cuir sonraí sonracha ar fáil faoin gcaoi a gcuirtear aon uirlis i bhfeidhm go hoibríochtúil.

⁴ Maoiniú poiblí san áireamh.

⁵ Áirítear le seirbhís saoramhaire seirbhís arna maoiniú ag táille ceadúnais teilifíse nó córas comhchosúil.

4.2.3 **Eolas ar an gcaoi a gcinnteoidh an tseirbhís go mbeidh an t-ábhar inrochtana.** Ba cheart a áireamh ansin sonraí faoi na bearta a dhéanfaidh an soláthraí seirbhísí meán lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, fotheidealú, teidealú, teanga chomharthaíochta (Teanga Chomharthaíochta na hÉireann i gcás seirbhísí atá dírithe ar lucht féachana nó éisteachta in Éirinn), agus tráchtairacht fuaimne a chur ar fáil, a mhéid a bhaineann le cláir arna gcur ar fáil ina chatalógaí, ar mhaithe le tuiscint ar na cláir sin agus an taitneamh a bhaintear astu a chur chun cinn le haghaidh (a) daoine atá bodhar nó a bhfuil lagú éisteachta acu, (b) daoine atá dall nó breacamharcach, agus daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu agus atá breacamharcach.

5. Ráiteas ar an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhísí meán go bhfuil sé faoi dhlínse an Stáit.

Sainaithin aon athrú a rinneadh ar an eolas seo a leanas [Mura ndearnadh aon athrú, luaigh “Ní Bhaineann le hÁbhar”]

5.1 Trí thagairt d’fhorálacha Acht 2009, sainaithin aon athrú ar an gcaoi a bhfuil an soláthraí seirbhísí meán faoi dhlínse an Stáit

6. Ráiteas ar an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhísí meán go bhfuil sé in a soláthraí seirbhísí meán ábhartha.

Freagair na ceisteanna seo a leanas le do thoil má tá aon athruithe déanta ar an eolas. [Mura bhfuil aon athruithe, luaigh le do thoil “Neamhbhainteach”]

6.1 An bhfoilsíonn an duine nó duine gaolmhar⁶ nuachtán nó tréimhseachán arb é atá iontu go substaintiúil nuacht agus tráchtairacht ar chúrsaí reatha?

6.2 An craoltóir é an duine nó duine gaolmhar?

6.3 An gcuireann an duine nó duine gaolmhar bunábhar clár ar fáil arb é atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchtairacht ar chúrsaí reatha do chraoltóir?

6.4 An gcuireann an duine nó duine gaolmhar aon ábhar scríofa, fuaimne, closamhairc nó grianghrafadóireachta ar fáil ar líonra cumarsáide leictreonaí, arb é atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchtairacht ar chúrsaí reatha, atá faoina rialú eagarthóireachta.

6.5 An bhfuil a dhíolacháin bhliantúla a dhíorthaítear ó ghníomhaíochtaí (ceann acu nó níos mó ná ceann amháin) thuasluaite níos airde ná €2 mhilliún.

⁶ Is duine gaolmhar é má tá an duine mar chuid den ghrúpa céanna cuideachtaí (de réir na brí a thugtar don téarma sin le section 8, Companies Act 2014).

